Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**8829/22**

**COPS 194**
**CIVCOM 77**
**CFSP/PESC 613**
**CSDP/PSDC 251**
**RELEX 602**
**JAI 603**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8718/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais chun tacú le Dí-armáil, Díshlógadh agus Ath-lánpháirtiú Iarchomhraiceoirí (DDR) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais chun tacú le Dí-armáil, Díshlógadh agus Ath-lánpháirtiú Iarchomhraiceoirí (DDR), mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Bealtaine 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais chun tacú le Dí-armáil, Díshlógadh agus Ath-lánpháirtiú Iarchomhraiceoirí (DDR)**

1. Á mheabhrú di na huaillmhianta a leagtar síos sa Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha agus maidir le Slándáil agus Cosaint chomh maith leis an gCompás Straitéiseach, formhuiníonn an Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach 'Cur chuige straitéiseach an Aontais chun tacú le Dí-armáil, Díshlógadh agus Ath-lánpháirtiú Iarchomhraiceoirí (DDR)', lena nuashonraítear Coincheap 2006 maidir le Tacú le DDR.

2. Aithníonn an Chomhairle go dtagraíonn DDR do phróiseas deonach trína ndéanann comhaltaí agus comhpháirtithe fireanna agus baineanna na bhfórsaí agus na ngrúpaí armtha a n-armáin a leagan anuas, imeacht ó struchtúir cheannais agus rialaithe, aistriú chuig an saol sibhialtach agus trína ndéantar iad a ath-lánpháirtiú ar bhealach inbhuanaithe i bpobail áitiúla. Is de chineál polaitiúil iad próisis DDR atá faoi úinéireacht náisiúnta agus áitiúil, atá dírithe ar dhaoine, ar próisis iad atá sonrach don chomhthéacs, agus is cuid lárnach iad den aistriú ó choinbhleacht armtha go rannpháirtíocht pholaitiúil agus rialachas cuimsitheach i ngarchomharsanacht an Aontais agus níos faide i gcéin agus cuireann siad leis an gcobhsaíocht, leis an tsíocháin agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

3. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil próisis DDR ilghnéitheach, agus is minic a bhíonn gá le tacaíocht ag gach céim de thimthriall na coinbhleachta. Maidir leis an tacaíocht a thugtar d'iarchomhraiceoirí, dá gcomhpháirtithe, agus do phobail ina ndéantar iad a ath-lánpháirtiú, ba cheart di a bheith dírithe ar bheartais, atá coinbhleacht-íogair agus bunaithe ar chearta agus aghaidh á tabhairt ar a riachtanais shóisialta agus shíceasóisialta, eacnamaíocha, pholaitiúla, dlí, slándála, agus sláinte. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus do na cearta a bhaineann leo. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil a thiomantas do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte ghnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus saor chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. Is mian leis an Aontas a chur i bhfios an athuair go dteastaíonn rochtain uilíoch ar fhaisnéis faoin tsláinte ghnéis agus atáirgthe , ar oideachas (lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta) agus ar sheirbhísí cúraim sláinte a bheidh ar ardchaighdeáin, inacmhainne agus cuimsitheach.

4. Tá an Chomhairle fós ar an eolas faoi na riachtanais éagsúla, shonracha agus neamh-aonchineálacha atá ag fir, ag mná, ag buachaillí agus ag cailíní d'aoiseanna éagsúla, lena n-áirítear iad siúd ar de mhionlaigh náisiúnta nó eitneacha, reiligiúnacha, theanga agus pholaitiúla iad agus daoine dúchasacha mar a leagtar amach iad i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP), agus a thábhachtaí atá a rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach i bpróisis DDR. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rannpháirtíochtaí DDR atá freagrach ó thaobh aoise agus inscne de, lena n-áirítear maidir le critéir incháilitheachta.

5. Admhaíonn an Chomhairle gur féidir le tacaíocht do phróisis DDR agus dá gcomhpháirteanna a neadú i straitéisí faoi úinéireacht náisiúnta cabhrú le húinéireacht pholaitiúil leanúnach na ngníomhaithe uile lena mbaineann a áirithiú. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá na naisc idir DDR agus próisis eile lena dtacaítear le cobhsú agus le haistriú ó choinbhleacht fhoréigneach go síocháin inbhuanaithe, agus tugann sí dá haire cineál idirnasctha na ndúshlán bunúsach agus an tionchar atá acu ó thaobh inscne de. Tionscnaimh thacaíochta maidir leis an méid seo a leanas: idirghabháil, rialachas agus athchóiriú na hearnála slándála, ceartas idirthréimhseach, laghdú ar an bhforéigean ar leibhéal an chomhphobail; an radacú, an t-antoisceachas foréigneach agus an foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a chosc; leanaí ar fhág coinbhleachtaí a lorg orthu a chosaint; saothrú neamhdhleathach acmhainní nádúrtha, agus coireacht eagraithe, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, a chomhrac; an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a chaomhnú; tá bainistiú sreafaí arm agus armlóin tábhachtach i ndáil leis sin.

6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an comhordú idir gníomhaíocht mhear agus gealltanais mheántéarmacha agus fhadtéarmacha agus leas á bhaint as bosca uirlisí Chur Chuige Comhtháite an Aontais ina iomláine, ag cur le measúnuithe comhpháirteacha comhordaithe agus anailís chomhpháirteach ar choinbhleacht agus ar chomhthéacs. I bhfianaise an mhéid sin, is díol sásaimh don Chomhairle aon rannchuidiú le próisis DDR trí, mar shampla, tionscnaimh maidir le coinbhleachtaí a chosc, síocháin a chothú agus idirghabháil a dhéanamh, lena n-áirítear tionscnaimh áitiúla agus tionscnaimh faoi stiúir an phobail, fothú acmhainneachta, cabhair fhadtéarmach um fhorbairt agus slite beatha malartacha a chur chun cinn, arna maoiniú faoin NDICI – an Eoraip Dhomhanda. D’fhéadfadh an tAontas rannchuidiú le DDR freisin trí mhisin agus oibríochtaí míleata agus sibhialta CBSC, i gcomhréir le comhshocrú sibhialtach CBSC.

7. Cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá rannpháirtíocht DDR réalaíoch, sholúbtha, choinbhleacht-íogair agus atá freagrúil ó thaobh aois agus inscne de, faoi threoir na bprionsabal a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach, agus i gcomhréir leis na cláir oibre maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil agus an óige, maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil, maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha, agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí coiriúil idirnáisiúnta. Ar an gcaoi sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a lárnaí atá sé cosaint gan choinníoll agus láithreach a bheith ag leanaí a bhfuil baint acu le fórsaí agus grúpaí armtha, agus na leanaí sin a scaoileadh saor agus a ath-lánpháirtiú láithreach agus gan choinníoll, i gcónaí, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta leanaí agus le clár oibre an Aontais maidir le leanaí agus coinbhleacht armtha, lena threoirlínte tiomnaithe. Ina theannta sin, admhaíonn an Chomhairle riachtanais, deiseanna agus ionchais shonracha na bhfear agus na mban óg i suíomhanna DDR agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt orthu sin ar fud na bpróiseas DDR trí chomhairliúchán gníomhach, trí rannpháirteachas agus rannpháirtíocht ghníomhach, agus geallann sí go gcuirfidh sí dearcadh na hóige i bhfeidhm i bpróisis DDR, i gcomhréir le Conclúidí 2020 ón gComhairle maidir leis an óige i ngníomhaíocht sheachtrach.

8. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go dtabharfadh an tAontas agus na Ballstáit tacaíocht do phróisis DDR i ndlúthchomhar agus ag comhoibriú le comhpháirtithe, lena n-áirítear sa réimse allamuigh. Tá na Náisiúin Aontaithe, an Banc Domhanda, an tAontas Afracach agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha eile, agus urraim iomchuí á tabhairt do chreat institiúideach an Aontais, d’údaráis stáit óstacha, do ghníomhaithe comharsanachta agus réigiúnacha, agus do thríú stáit a bhfuil na luachanna agus cuspóirí céanna acu is atá ag an Aontas, don tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí óige, fíorthábhachtach i ndáil leis sin. Molann an Chomhairle freisin don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Choimisiún Eorpach cur le comhoiriúnacht ghealltanais DDR an Aontais le Caighdeáin Chomhtháite DDR (IDDRS) na Náisiún Aontaithe. Thairis sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá an saineolas riachtanach a theastaíonn i seirbhísí SEGS agus an Choimisiúin, i dtoscaireachtaí an Aontais agus i misin agus in oibríochtaí CBSC, a neartú agus a chur ar fáil, mar a dhéantar i gcomhthéacs na hidirghabhála agus trí bhearta iomchuí oiliúna agus múscailte feasachta.

9. Iarrann an Chomhairle ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cur chun feidhme na Teachtaireachta Comhpháirtí a áirithiú chun poitéinseal iomlán rannpháirtíochtaí DDR an Aontais a ghiaráil agus iad sin a chur i gcomhthéacs níos leithne rannpháirtíocht fhoriomlán an Aontais le tíortha comhpháirtíochta agus le réigiúin chomhpháirtíochta, lena n-áirítear na comhpháirtíochtaí agus na hidirphléití polaitiúla, i gcomhréir le Cur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha;
- acmhainní airgeadais agus pearsanra a sholáthar chun tacú le DDR, go háirithe trí chistiú leordhóthanach a leithdháileadh laistigh den NDICI – an Eoraip Dhomhanda;
- an chuimhne ar eispéiris a éascú, lena n-áirítear i measc comhpháirtithe cur chun feidhme, údaráis ballstát óstach agus na sochaí sibhialta, agus meabhraítear di a riachtanaí atá sé go ndéanfaí faireachán agus meastóireacht ar chur chun feidhme rannpháirtíochtaí DDR an Aontais, agus go bhfoghlaimeofaí ón gcur chun feidhme sin;
- feabhas a chur ar chomhordú, comhar agus comhpháirtíochtaí maidir le DDR leis na Náisiúin Aontaithe, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, le comhpháirtithe deontóirí agus leis an tsochaí shibhialta;
- éifeachtacht phróisis DDR a chothú mar chuid den aistriú ón gcoinbhleacht fhoréigneach go dtí an chobhsaíocht agus an tsíocháin inbhuanaithe.